Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Aibreán 2018
(OR. en)

8251/18
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0109 (COD)**

PECHE 133
CODEC 614

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Aibreán 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 229 final - IARSCRÍBHINN 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán Meánmhuirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus Rialachán (AE) 2017/2107 Ceanglais maidir le logleabhair le haghaidh soithí gabhála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 229 final - IARSCRÍBHINN 2.

---

Faoi iamh: COM(2018) 229 final - IARSCRÍBHINN 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.4.2018
COM(2018) 229 final

ANNEX 2

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán Meánmhuirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus Rialachán (AE) 2017/2107**

**Ceanglais maidir le logleabhair le haghaidh soithí gabhála**

## IARSCRÍBHINN II

**Íos-sonraíochtaí maidir le logleabhair iascaireachta:**

1. Beidh an logleabhar uimhrithe de réir na bileoige.

2. Déanfar an logleabhar a chomhlánú gach lá (meán oíche) nó sula mbainfear an calafort amach.

3. Déanfar an logleabhar a chomhlánú i gcás cigireachtaí ar muir.

4. Coinneofar cóip amháin den bhileog i gceangal leis an logleabhar.

5. Coinneofar logleabhair ar bord ar feadh bliain amháin d'oibríochtaí.

**An t-íosmhéid faisnéise caighdeánaí is gá a bheith i logleabhair iascaireachta:**

1. Ainm agus seoladh mháistir an tsoithigh.

2. Dátaí agus ainmneacha na gcalafort ar imigh an bád astu, dátaí agus ainmneacha na gcalafort ar tháinig an bád i dtír iontu.

3. Ainm an tsoithigh, an chláruimhir, uimhir ICCAT, an glao-chomhartha raidió idirnáisiúnta agus uimhir IMO (an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta), má tá sí ar fáil.

4. Trealamh iascaireachta:

   (a) an cineál trealaimh de réir chód EBT (Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe);

   (b) toisí (e.g. fad, méid an mhogaill, an líon duán).

5. Oibríochtaí ar muir le haon líne amháin (ar a laghad) in aghaidh gach lae den turas, lena sonrófar:

   (a) gníomhaíocht (e.g. iascaireacht, gluaiseacht);

   (b) suíomh: déanfar suíomh beacht a thaifeadadh gach lá (i gcéimeanna agus i nóiméid) in aghaidh gach oibríochta iascaireachta nó um meán lae i gcás nach ndearnadh aon iascaireacht an lá sin;

   (c) taifead ar ghabhálacha, lena n-áirítear:

   - cód EBT;
   - an meáchan slánaithe i gcileagraim in aghaidh an lae;
   - an líon píosaí in aghaidh an lae.

6. Síniú mháistir an tsoithigh.

7. An modh chun meáchan a thomhas: meastachán, meá ar bord.

8. Beomheáchan coibhéiseach na n-iasc a choinneofar sa logleabhar agus luafar ann na fachtóirí coinbhéartachta a úsáideadh sa mheastóireacht.

**An t-íosmhéid faisnéise is gá a bheith i logleabhair iascaireachta i gcás tabhairt i dtír nó trasloingsiú:**

1. Dátaí agus ainm an chalafoirt inar tugadh an ghabháil éisc i dtír nó inar trasloingsíodh í.

2. Táirgí:

(a) an speiceas agus cur i láthair de réir chód EBT;

(b) líon na n-iasc nó na mboscaí agus an chainníocht i gcileagraim.

3. Síniú an mháistir nó síniú ghníomhaire an tsoithigh.

4. I gcás trasloingsiú: ainm an tsoithigh ghlactha, a bhratach agus a uimhir ICCAT.